Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, ar sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige, agus ar íocaíocht chun deontais áirithe.

Déantar toradh an chaiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an méid is féidir a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas don bhliain, agus a ndéantar foráil dó.

Dlitear farasbarr €9.23 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den Chuntas an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

***Struchtúr Cuntas Leithreasa***

Tugtar cuntas sa chaiteachas ar sheirbhísí oideachais sa bhliain 2015 faoi Vóta 26 i gceithre phríomhearnáil na bhfo-mhírcheann a fhreagraíonn do na spriocanna ardleibhéil i Ráiteas Straitéise na Roinne 2015 – 2017 agus clúdaítear an caiteachas reatha agus an caiteachas caipitil araon.

Thairis sin, sonraítear na costais riaracháin faoi earnálacha ar leith chomh maith le hiad a chionroinnt ar cheithre earnáil an chaiteachais, i gcomhréir leis an gcur chuige um buiséadú feidhmíochta a tugadh isteach i gcomhair na ranna Rialtais go léir. Is mar seo a leanas atá na ceithre chlár

- Clár A – a fhónann d'oideachas an chéad leibhéil, d'oideachas an dara leibhéal agus don oideachas sna luathbhlianta
- Clár B – a fhónann don fhorbairt scileanna
- Clár C – a fhónann don ardoideachas
- Clár D – a fhónann do sheirbhísí caipitil.

Déantar leithreasaí-i-gcabhair a thugtar chun cuntais i raon na bhfo-mhírcheann E.1 go E.5 a fhritháireamh in aghaidh ollchaiteachas na Roinne.

***Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí***

Mar fhreagairt ar an sainordú a foráladh i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais, a foilsíodh i mí na Samhna 2011 agus atá athráite i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí do 2014 -16, d'fhorbair an Roinn agus d'fhoilsigh sí Plean Seirbhísí Comhroinnte do 2014-16. Tá sé beartaithe sa phlean ní hamháin go mbeifí rannpháirteach go gníomhach maidir le feidhmiú céimneach i leith seirbhísí comhroinnte traidisiúnta laistigh den Roinn, ach go ndéanfaí gach deis is féidir i leith tionscnamh seirbhísí comhroinnte a fhiosrú ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna ar fad. Déanfar na deiseanna sin a mheas ceann ar cheann agus feidhm á baint as modheolaíocht chaighdeánach agus má tharlaíonn sé go mbeidh cás láidir ó thaobh gnó de ann, déanfar na tionscnaimh a fheidhmiú go céimneach do na réimsí ábhartha den earnáil. Chomh maith leis sin, tá sé i gceist ag an Roinn tionscnaimh ilghnéitheacha maidir le seirbhísí comhroinnte atá laistigh den earnáil oideachais agus oiliúna cheana féin a fhiosrú, agus más ann do chás láidir gnó, féadfar na seirbhísí sin a fheidhmiú go céimneach i measc grúpaí níos leithne laistigh den earnáil.

Is iad seo a leanas na príomhthionscadail a cuireadh chun cinn in 2015:

- seirbhísí Comhroinnte Párolla d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) – curtha ar aghaidh go céim an deartha mhionsonraithe i 2015, cuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm le linn
- seirbhísí Comhroinnte Airgeadais d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) – cás gnó curtha i gcrích in 2015, tosaíodh ar riachtanais mhionsonraithe agus ar dearadh mionsonraithe in 2016
- seirbhísí Comhroinnte Párolla don earnáil Ardoideachais – cás gnó críochnaithe in 2015, tús á chur le riachtanais mhionsonraithe agus dearadh mionsonraithe in 2016.

*Athchóiriú na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS*

Lean an t-athchumrú forleathan ar na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) ar aghaidh le linn 2015. Rinneadh na freagrachtaí as na feidhmeanna oiliúna agus as an bhfoireann a ghabh le naoi gcinn déag de Lárionaid Oiliúna SOLAS a aistriú faoi choimirce an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bhain le hábhar, agus cuireadh tús le forás ar struchtúr eagraíochtúil nua, le forbairt ar bheartais Acmhainní Daonna nua agus le tionscadail ar sheirbhísí comhroinnte i gcomhair an phárolla agus i gcomhair an airgeadais.

Rialaíonn Bord Cláir an Clár um Athchóiriú na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS, arb éard atá ann ná 19 de thionscadail ar leith, agus tugann an bord cláir tacaíocht don Chlár sin. Is mise a dhéanann cathaoirleacht ar an mbord seo i mo cháil mar Ard-Rúnaí agus áirítear le ballraíocht an bhoird daoine de bhuíon ardbhainistíochta na Roinne mar aon le hArd-Rúnaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, Ard-Stiúrthóir SOLAS agus na Príomhfheidhmeannaigh ar dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais bhliantúla na mBord Oideachais agus Oiliúna agus cuntais bhliantúla SOLAS a iniúchadh.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Tuairiscítear ar cheangaltais chaipitil atá infheidhmithe le dlí ag an tairseach €12.7 milliún (S14/03/06).

***Sócmhainní nach bhfuil faoi rialú díreach na Roinne***

Sócmhainní nach bhfuil faoi rialú díreach na Roinne, ní áirítear iad mar shócmhainní chun críocha an Ráitis faoi shócmhainní caipitil ach déantar tagairt dóibh ar mhodh nóta leis na cuntas (F7/11/94).

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as féachaint chuige go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus i bhfianaise na ndualgas eile a leagtar orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus tá an córas agus a éifeachtacht á gcoinneáil faoi athbhreithniú leantach.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta maille le cuntasacht dá réir;
- tá socruithe i dtaca le tuairisciú curtha ar bun ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta;
- tá nósanna foirmiúla imeachta curtha ar bun chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú;
- is ann do Choiste Iniúchóireachta chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

***Iniúchóireacht Inmheánach, Iniúchóireacht Chiste Sóisialta na hEorpa agus Coiste Iniúchóireachta***

Ullmhaítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce Choiste Iniúchóireachta na Roinne agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. Críochnaíodh octh ceann de thuarascálacha iniúchóireachta go hiomlán – cuig cinn de thuarascálacha inmheánach agus triúr Chiste Sóisialta na hEorpa – i rith na bliana 2015. Déanann an dá aonad rianú ráithiúil ar an dul chun cinn a dhéantar ó thaobh na moltaí a eascraíonn ó na tuarascálacha iniúchóireachta a chur i ngníomh.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi Chairteacha scríofa ar leith.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- gurb ann do chóras cuí buiséadaithe maille le buiséad bliantúil a bhíonn á choinneáil faoi athbhreithniú ag bainisteoirí sinsearacha;
- go ndéanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha;
- go n-oibríonn córas um bainistíocht phriacail laistigh den Roinn;
- gurb ann do chórais arb éard is aidhm leo ná slándáil na gCóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú;
- gurb ann do threoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus do smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

***Soláthar poiblí***

Féachann an Roinn le féachaint chuige gurb ann do bhéim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm ó thaobh na treoirlínte ábhartha go léir a chomhlíonadh. Tá an Roinn comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha i dtaca leis an soláthar, seachas i gcás soláthair ar luach iomlán €1.64 milliún, a dhéantar as na rudaí seo a leanas:

- bhí dhá cheann déag de sheirbhísí agus de cheannacháin arb é a luach iomlán conartha ná €87,587 i bhfeidhm sa bhliain 2015 gan dul i dtuilleamaí próisis chuí ó thaobh an tsoláthair de;
- rinneadh dhá chonradh sa raon luach €35,000 go €100,000, dhá chonradh sa raon luach €100,000 go €200,000 in aghaidh na bliana, tugadh faoi trí chonradh sa raon luach €200,000 go €300,000 in aghaidh na bliana agus conradh amháin os cionn €500,000 in aghaidh na bliana a ghlacadh ar laimh gan próiseas iomaíoch agus cuireadh sonraí ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 40/2002.

Tharla na heisceachtaí seo ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear síneadh conartha ag feitheamh le bunú na socruithe lárnaithe seirbhíse poiblí, soláthar soláthraí aonair/theoranta agus leanúnachas gnó. Tá gach cás á choimeád faoi athbhreithniú gníomhach agus tá bearta á ndéanamh nuair a bhíonn sin indéanta. Ina theannta sin, Athchóiriú an tSoláthair agus tá an Roinn ag tapú na deise ar chonarthaí láraithe agus ar chreataí láraithe a úsáid san áit ar cuí sin.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam ó thaobh cheanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna a sholáthar.

Tá litir dhearbhúcháin faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta i dtaca le Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear rialuithe ar an leibhéal cuí ó thaobh seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna a sholáthar don Roinn seo.

***Priacail shuntasacha airgeadais***

Leanann an Roinn de bheith ag féachaint do phriacail shuntasacha airgeadais agus do phriacail shuntasacha eile trí bhíthin Chlár Priacal na Roinne. Is cáipéis bheo an Clár agus cuirtear bord ar bhord é le priacail nua a aithnítear nó le hathruithe ar phriacail reatha. Baineann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí feidhm as an gClár ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bpriacal laistigh de ghníomhartha iniúchóireachta na Roinne chun cuidiú leis i dtaca lena acmhainní a dhíriú ar iniúchóireacht na bpriacal is mó de chuid na Roinne.

***Rialachas***

Le linn 2015 lean an Roinn Oideachais agus Scileanna ag obair chun cumas rialachais na Roinne a fheabhsú. I gcomhar leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (D/PER) i mí na Samhna 2015, thosaigh an Roinn ag obair chun creat rialachais chorparáidigh a fhorbairt. Déanann creat na Roinne Oideachais agus Scileanna (*Roinn Oideachas agus Scileanna*,ROS) cur síos ar na príomhshonraí a bhaineann le próisis rialachais, struchtúir agus nósanna imeachta na Roinne. Táthar ag súil go bhfoilseofar an creatdoiciméad faoi dheireadh mhí an Mhárta 2016.

Leanann an Roinn de bheith ag obair ar fhorbairt socruithe láidre tuairiscithe a chur chun cinn lena cuid comhlachtaí agus a cuid gníomhaireachtaí chun a gcuid feidhmíochta agus a gcuid rialachais a bhainistiú. Agus an méid sin á dhéanamh aici, tá an Roinn ag glacadh le cur chuige a dhíríonn ar aschuir agus ar thorthaí, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta atá fónta. I dtaca leis seo, tá creataí seachadta feidhmíochta agus/nó comhaontuithe seirbhíse ábhartha curtha i bhfeidhm i gcás roinnt comhlachtaí agus gníomhaireachtaí. Tá an obair maidir le nósanna imeachta ábhartha a chomhaontú i leith maoirseacht rialachais ag dul ar aghaidh le comhlachtaí eile. Is é atá mar chuspóir ag creataí ceachadta feidhmíochta a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach atá éifeachtach agus cost-éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal.

Ag éirí as obair a tosaíodh in 2014, le linn 2015 dhaingnigh an Roinn an cur chuige a bhí aici maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na Roinne nuair a bunaíodh Bord Bainistíochta i leith Rialachas agus Cuntasacht Earnála agus Líonra Príomhoifigeach i leith Rialachas agus Cuntasacht Earnála chun cuir chuige a chomhaontú chun ról maoirseachta, na Roinne maidir lena cuid comhlachtaí a fheabhsú. I gcomhar le bunú coistí sinsearacha um maoirseacht rialachais bhunaigh an Roinn Aonad Comhlíonta Rialachais Earnála i mí Mheán Fómhair 2015 chun clár oibre a thosú le straitéisí a mheas chun maoirseacht ar rialachas corparáideach a fheabhsú. Chuir an Earnála tús leis an gcéad chéim dá chlár oibre le sraith de sheiceálacha comhlíonta rialachais i mí na Nollag 2015, agus bhí freagraí faighte faoi mhí Feabhra 2016. Táthar ag súil go mbeidh an obair ar chéim a haon den phróiseas athbhreithnithe curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2016.

***An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015***

Éilíonn an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2015, ar gach roinn rialtais oifigigh áirithe roinne a ainmniú mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe (*Oifigigh Poiblí Ainmnithe, OPA*) faoin Acht chun cead a tabhairt d'oifigigh lárnacha na Roinne idirghníomhú le daoine a bhféadfaí iad a shonrú mar bhrústocairí.

Sainaithníonn treoirlínte na Roinne don Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) go bhforordófar, laistigh de dhá mhí dhéag d'fheidhmiú an Achta, Príomhoifigigh mar oifigigh Ainmnithe Poiblí chun críocha an Achta.

***Nochtadh cosanta***

Ceanglaíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta 2016 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a shuíomh agus a chothabháil chun plé le nochtadh cosanta agus chun faisnéis i scríbhinn i dtaobh na nósanna imeachta seo a chur ar fáil d'oibrithe. Cuireann treoirlínte eatramhaca na Roinne in iúl go soiléir go bhfuil an Roinn tiomanta do thimpeallacht chuí a chur chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí a bhaineann le héagóir féideartha sa láthair oibre agus d'fhonn an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil don fhoireann a tharraingíonn fíorbhuarthaí anuas.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

31 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2016

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A | Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus sna Luathbhlianta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,220,090 | | | |
| | | *Forlíontach* | 36,000 | 6,256,090 | 6,220,665 | 6,055,463 |
| B | Forbairt Scileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 346,987 | | | |
| | | *Forlíontach* | (11,000) | 335,987 | 329,636 | 342,192 |
| C | Ardoideachas | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,424,982 | | | |
| | | *Forlíontach* | 88,000 | 1,512,982 | 1,521,826 | 1,478,397 |
| D | Seirbhísí Caipitil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 593,218 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50,000 | 643,218 | 654,585 | 624,030 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,585,277 | | | |
| | | *Forlíontach* | 163,000 | **8,748,277** | **8,726,712** | **8,500,082** |
| *Bain de* | | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 573,152 | | | |
| | | *Forlíontach* | (12,000) | **561,152** | **548,816** | **558,928** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,012,125 | | | |
| | | *Forlíontach* | 175,000 | | | |
| | | | | **8,187,125** | **8,177,896** | **7,941,154** |

**Farasbarr le tabhairt suas**

Dlitear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,228,648 | 10,390,347 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**[a]

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 58,882 | 56,436 | 56,020 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,520 | 1,470 | 1,464 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 2,355 | 2,381 | 966 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,820 | 1,930 | 1,757 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise | 5,515 | 4,850 | 4,036 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,609 | 1,376 | 1,509 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 130 | 151 | 154 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 18,075 | 17,250 | 17,037 |
| | | 89,906 | 85,844 | 82,943 |

[a] Tugadh caiteachas riaracháin na Roinne chun cuntais faoi na fo-cheannteidil X.1 go X.8 i 2015.

# Nótaí ar an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán | | 85,844 | 82,943 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 8,640,868 | 8,417,139 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,726,712** | **8,500,082** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **548,816** | **558,928** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,177,896** | **7,941,154** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (8,132) | | |
| Dímheas | 605 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | — | (7,527) | (13,900) |
| **Athruithe maidir le sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (84,046) | (65,390) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,304 | | |
| Méadú ar stoc | (13) | | |
| | | 1,291 | 21,005 |
| **Caiteachas díreach** | | **8,087,614** | **7,882,869** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 25,829 | 23,330 |
| Measchíosanna | | 3,898 | 3,662 |
| **Glanchostas na gclár** | | **8,117,341** | **7,909,861** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | — | 398 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 243 | 406 |
| Vóta 12 Aoisliúntas | 19,405 | 17,071 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,021 | 5,174 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 809 | — |
| An Príomh-Chiste - pinsin na nairí | 351 | 281 |
| | **25,829** | **23,330** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 71,357 | 99,801 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 82,364 | 90,627 |
| | | **153,721** | **190,428** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 121 | 108 |
| Réamhíocaíochtaí[a] | | 1,014 | 2,822 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhálacha | | 6,825 | 6,216 |
| Aisghabháil chostais na foirne ar iasacht | | 141 | 259 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 600 |
| Suim atá dlite ón AE | | 15 | 15 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 3,573 | 81,047 |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 72,520 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **84,209** | **91,067** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí cuntais soláthair | 2.4 | — | 75,468 |
| Coimisinéirí Ioncaim | | — | 1,359 |
| Costais fhabhraithe | | 10,924 | 10,418 |
| Ioncam iarchurtha | | 13 | 29 |
| Aisghabháil tuarastail do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile | | — | 2 |
| Réamhíocaíochtaí a fuarthas ón AE | | 46,279 | 2,418 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 26,448 | 912 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 3,381 | 2,264 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **87,045** | **92,870** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(2,836)** | **(1,803)** |
| **Glansócmhainní** | | **150,885** | **188,625** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.1 | **150,885** | **188,625** |

[a] Tá Réamhíocaíochtaí bunaithe ar an eolas atá ar fáil ag 31 Márta 2016. I Mí na Bealtaine 2016, d’eisigh Bus Éireann a Ráiteas Cuntais 2015 don Roinn, a thug le fios nach raibh luach €1.3 milliún de réamhíocaíochtaí a rinne an Roinn le linn 2015 caite acu, agus níl an t-iarmhéid seo curtha san áireamh sna réamhíocaíochtaí. Frithháiríodh an t-iarmhéid seo i dtarraingt anuas na gcistí ag Bus Éireann le linn 2016. Ba iad na figiúirí comhfhreagracha do 2014 agus do 2013 ná €1.8 milliún agus €2.2 milliún faoi seach.

| 2.1 Cuntas Maoinithe an Stáit | Nóta | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 188,625 | 145,322 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 8,187,125 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (9,229) | | |
| Glanvóta | | | 8,177,896 | 7,941,154 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 25,829 | 23,330 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 3,898 | 3,662 |
| Míreanna eile neamhairgid[a] | 2.2 | | (128,022) | (14,982) |
| Glanchostas na gclár | 1 | | (8,117,341) | (7,909,861) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **150,855** | **188,625** |

[a] Baineann an mhír neamhairgid leis an gcur chuige cuntasaíochta maidir le haistriú sócmhainní tógála na Roinne.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 97,935 | 7,445 | 17,904 | 123,284 |
| Breiseanna | 99,813 | 21 | 349 | 100,183 |
| Diúscairtí[a] | (128,022) | (1) | (472) | (128,495) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 69,726 | 7,465 | 17,781 | 94,972 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | — | 7,131 | 16,352 | 23,483 |
| Dímheas i leith na bliana | — | 62 | 543 | 605 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1) | (472) | (473) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015 | — | 7,192 | 16,423 | 23,615 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **69,726** | **273** | **1,358** | **71,357** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **97,935** | **314** | **1,552** | **99,801** |

[a] Caitheann an Roinn le haistriú smachta ar shócmhainn, seachas úinéireacht, chuig údarás scoile mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sa chuntas bliantúil leithreasa. Is iad seo a leanas na scoileanna a aistríodh le linn 2015:

| Ainm na scoile | Luacháil |
|---|---|
| | € |
| Cathair Uí Mhóráin, Contae Ciarraí | 2,333,271 |
| Scoil Arailt, Glas Tuathail, Contae Baile Átha Cliath | 7,000,000 |
| Scoil Náisiúnta na Tríonóide Naofa, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath, | 8,429,213 |
| Naomh Muire, Meathas Troim (Sásamh), Longfort | 6,450,849 |
| Oideachas Le Chéile Phort Láirge & Gaelscoil na nDéise, Carraig Phiarais, Port Láirge | 13,349,226 |
| Scoil Náisiúnta Bhríde agus Gaelscoil Éadan Doire , Contae Uíbh Fhailí | 8,728,245 |
| GS Chaladh an Treoigh, Co. Luimnigh | 3,494,428 |
| Gaelscoil de hÍde, Órán Mór, Co. na Gaillimhe | 5,069,384 |
| Oideachas Le Chéile na hUaimhe, Co. na Mí | 4,446,843 |
| Gaelscoil Shliabh Rua, Bóthar Bhaile Uí Ógáin, An Chéim, Baile Átha Cliath | 6,198,682 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Aindriú, Leamhcán, Baile Átha Cliath | 4,223,934 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Finian, An Caisleán Nua, Baile Átha Cliath | 8,489,572 |
| Scoil Phobail Lusca, Lusca, Contae Baile Átha Cliath | 7,959,670 |
| Meánscoil Theampall Carraige, Na Clocha Liatha, Contae Cill Mhantáin | 22,355,838 |
| Iarbhunscoil Leamhcáin, Cluain Buiríosa, Baile Gadaí, Contae Baile Átha Cliath | 19,492,895 |
| **Iomlán:** | 128,022,050 |

**Nóta Ginearálta**

**1. An Chéad Leibhéal**

1.1 Ba é móriomlán na scoileanna náisiúnta a bhí ag feidhmiú ar 31 Nollaig 2015 ná 3,276. Cé is moite de 1.3 (i) go 1.3 (iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

1.2 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 51 láithreán an chéad leibhéil agus tá siad á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.3 (i) Tá 70 Gaelscoil agus 31 scoil ilchreidmheach ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta. Tá trí phobalscoil náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.3 (ii) Tá ceithre láithreán il-sainchreidmheacha agus láithreán agus/nó foirgnimh do scoil Chaitliceach amháin i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chomhaontuithe léis fhadtéarmaigh ach déantar iad a rialú/a bhainistiú ag boird bhainistíochta.

1.3 (iii) Tá naoi modhscoil, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.3 Tar éis d'Acht na Leanaí 2001 a bheith achtaithe, bhí scoil choinneála amháin do leanaí fós dílsithe don Aire Oideachais agus Scileanna ag deireadh 2015. Bhí an próiseas a bhain leis an scoil sin a aistriú chuig an nGíomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) ag leanúint ar aghaidh le linn 2015 agus síníodh meabhrán tuisceana idir an Roinn agus Tusla i mí Aibreáin 2016. Tá an scoil á bainistiú ag bord bainistíochta.

1.4 Tá an tAire ar dhuine den bheirt ráthóir ar Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin (Gabháltais) Teoranta, ar cuideachta atá teoranta ag ráthaíocht é agus ar úinéir agus sealbhóir maoine i gContae Ard Mhacha é, maoin a úsáidtear do Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

**2. An Dara Leibhéal**

2.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 23 láithreán i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

2.2 (i) Tá 14 scoil chuimsitheacha, 81 phobalscoil agus 4 mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

2.2 (ii) Dílsítear 265 ghairmscoil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2.2 (iii) Tá 371 meánscoil faoi úinéireacht phríobháideach.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| | **Conarthaí tógála** | **Feidhmchláir intí ríomhaireachta** | **Iomláin** |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2015 | 89,577 | 1,050 | 90,627 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim i leith na bliana | 83,416 | 630 | 84,046 |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | (92,188) | (121) | (92,309) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2015 | 80,805 | 1,559 | 82,364 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntas an Phámháistir Ghinearálta/(Réamhíocaíochtaí Cuntais Soláthair) | 72,278 | (76,243) |
| Bainc thráchtála | 239 | 771 |
| Mionairgead | 3 | 4 |
| | 72,520 | (75,468) |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 63 | 58 |
| Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise | 58 | 50 |
| | 121 | 108 |

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| ag 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 121 | 54 |
| Aiscí pósta, scoir agus báis | 3 | 2 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 214 | 160 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 1,440 | 2,160 |
| Pasanna taistil | 247 | 197 |
| Dlite ó an Stát – ar fionraí | 2 | 45 |
| Aisghabháil costais comhrointe na n-oifigí | 99 | 131 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 56 | 54 |
| Ilghnéitheach | 231 | 19 |
| Fionraí Párolla | 180 | 77,961 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus liúntais chothaithe | 82 | 99 |
| Bord um Shásamh | 898 | 165 |
| | 3,573 | 81,047 |

**a) Díscríobh Fiach agus Forálacha**

Le linn 2015, ní raibh aon fhoráil faoi leith i Vóta 26 chun drochfhiacha a dhíscríobh.

| | Fiacha Díscríofa | | Gluaiseacht i bhforáil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | **2014** | **2015** | **2014** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| *Ró-íocaíochtaí maidir le párolla/pinsin* | 26 | — | — | — |
| Iomlán: | 26 | — | — | — |

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

| ag 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dlite don Stát | 25,933 | 2 |
| Aisíoc pinsin | 58 | 55 |
| Clár tógála fuinnimh | 394 | 394 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | — | 50 |
| Banc Ceannais | 19 | 11 |
| 2014/2015 seoltáin | — | 370 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 2 | — |
| Creidiúnaí eile | — | 12 |
| Ilghnéitheach | 42 | 18 |
| | 26,488 | 912 |

**2.8 Glandliteanas don Státchiste**

| ag 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 9,229 | 10,390 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (5,848) | (8,126) |
| Glandliteanas don Státchiste | 3,381 | 2,264 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 72,520 | — |
| Iarmhéideanna dochair – ar fionraí | 3,571 | 81,002 |
| Dlite ón Stát – ar fionraí | 2 | 45 |
| Cistí an AE – ar fionraí | 15 | 15 |
| | 76,108 | 81,062 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Réamhíocaíochtaí Cuntais Soláthair | — | (75,468) |
| Dlite do an Stát – ar fionraí | (25,933) | (2) |
| Cistí an AE – ar fionraí | (46,279) | (2,418) |
| Iarmhéideanna creidmheasa – ar fionraí | (515) | (910) |
| | (72,727) | (78,798) |
| | 3,381 | 2,264 |

**2.9 Ceangaltais**

| ag 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais Iltaobhacha** | | |
| Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le teacht maidir le: | | |
| Fo-mhírchinn soláthair | 30 | 42 |
| Fo-mhírchinn deontais | 16,610 | 13,128 |

Nóta Cuimsíonn na fo-cheannteidil soláthair tiomantais mar ar cuireadh tús le conarthaí roimh dheireadh 2015, nuair nár seachadadh aon earraí ná seirbhísí.

**(b) Ceangaltais chaipitil Ilbhliantúla**

| | | |
|---|---|---|
| Caiteachas sa bhliain 2015[a] | 625,454 | 548,822 |
| Ceangaltais atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht[b] | 1,987,403 | 1,897,460 |

[a] Áirítear mar chuid den chaiteachas i 2015 €66 milliún (2014: €28 milliún) maidir le híocaíochtaí caipitil a rinneadh faoi thionscadail chomhpháirtíochta poiblí príobháidí (CPP).

[b] Áirítear ar na ceangaltais a bhfuil freastal le déanamh orthu sna blianta atá le teacht luach €1.344 billiún (2014: €1.407 billiún) ar thionscadail CPP i dtaca le dualgais chaipitil agus le dualgais neamhchaipitil leithéidí airgeadas, feidhmiú agus cothabháil.

Soláthraíonn Nóta 2.9 (c) sonraí faoin gcaiteachas caipitil agus faoi na ceangaltais ar thionscadail CPP.

**Tionscadail chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán €12,697,380 nó níos mó**

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2014 | Caiteachas 2015 | Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | Iomláin tionscadail 2015 | Iomláin tionscadail 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fotheideal D.3.**[a] | | | | | |
| 1. Meánscoil Oideachas Le Chéile, Pairc Hans, Baile Átha Cliath 15 | 1,617 | 9,770 | 5,051 | 16,438 | 15,419 |
| 2. Camas Charraig Phiarais, Port Lairge | 8,890 | 5,610 | 247 | 14,747 | 12,350 |
| 3. Cholmcille Naofa, Baile Átha Cliath 16 | 15,591 | 647 | 589 | 16,827 | — |
| 4. Scoil Phobail Ard Ghillan, Bale Brigín, Contae Baile Átha Cliath | 10,654 | 2,687 | 248 | 13,589 | — |
| 5. Pobal Scoil Teampall Carraige, Cill Mhantáin | 3,775 | 8,821 | 210 | 12,806 | — |
| 6. Colaista Ghlór na Mara, Bale Brigín, Contae Baile Átha Cliath | 430 | 1,184 | 14,758 | 16,372 | — |
| 7. Scoil Eoin Naofa, Droichead Átha, Contae Lú | 385 | 2,295 | 11,599 | 14,279 | — |
| 8. Pobal Scoil Le Chéile, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 289 | 399 | 15,594 | 16,282 | — |
| **Fo-iomlán** | **41,631** | **31,413** | **48,296** | **121,340** | **27,769** |
| **Fotheideal D.4** | | | | | |
| 9. Campas Forbairt Pádraig Naofa, Droim Chonrach | 38,787 | 949 | — | 39,736 | 39,736 |
| 10. Campas Ghráinseach Ghormáin – infrastruchtúr láithreáin agus ríocht phoiblí | 29,182 | 891 | 5 | 30,078 | 30,000 |
| **Fo-iomlán** | **67,969** | **1,840** | **5** | **69,814** | **69,736** |
| **Iomlám** | **109,600** | **33,253** | **48,301** | **191,154** | **97,505** |

[a] Ag eascairt as athbhreithniú ar chostais an tionscadail, méadaíodh an caiteachas a tuairiscíodh ag deireadh 2014 faoi €34 mhilliún thar an méid a tuairiscíodh i gCuntas Leithreasa 2014 maidir leis na tionscadail ar fad faoi Fho-cheannteideal D.3 mar gheall ar:

- Caiteachas táillí ar luach €2.6 milliún nár cuireadh san áireamh roimhe sin maidir le tionscadal Meánscoile Ag Foghlaim le Chéile Pháirc Hans agus Campais Charraig Phiarais.
- Fágadh tionscadal amháin – tionscadal N. Cholmcille amach as cuntais 2014 gan chuimhneamh, rud a raibh de thoradh air athráiteas €15.6 milliún. Ag deireadh 2014, bhí €14.2 milliún tar éis a bheith caite i dtaca leis an gconradh tógála agus caitheadh €1.4 milliún i dtaca le táillí.
- Sna cúig chás eile, níor tuairiscíodh an caiteachas iomlán de €15.5 milliún i gcuntas 2014 ós rud é nár chomhlíon na suimeanna iomlána réamh-mheasta an tairseach tuairiscithe (.i. costas iomlán tionscadail de €12,697,380 nó níos mó) go dtí 2015.

**Difríochtaí suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos nuair a mhéadaigh tiomantais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2014 go dtí 2015.

| Tionscadal | Méadú iomlán costais i 2015 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1. Meánscoil Oideachas Le Chéile, Pairc Hans, Baile Átha Cliath 15 | 1,019 | Eascraíonn an méadú i gceangaltais ó €15.4 milliún go €16.4 milliún mar gheall ar chaiteachas táillí a tabhaíodh agus a tiomnaíodh sa chostas iomlán nár cuireadh san áireamh roimhe sin. |
| 2. Camas Charraig Phiarais, Port Lairge | 2,397 | Eascraíonn an méadú i gceangaltais ó €12.3 milliún go €14.7 milliún mar gheall ar chaiteachas táillí a tabhaíodh agus a tiomnaíodh sa chostas iomlán nár cuireadh san áireamh roimhe sin. |
| 3. Cholmcille Naofa, Baile Átha Cliath 16 | 16,827 | Mar gheall ar fhágáil amach N. Cholmcille i gcuntais 2014 eascraíonn difear i gcostas iomlán an tionscadail de €16.8 milliún idir 2014 agus 2015. Ag deireadh 2015, is é an caiteachas iomlán ionchais don tionscadal ná €14.8 milliún maidir leis an gconradh tógála agus €2 mhilliún maidir le táillí. |
| 4. Scoil Phobail Ard Ghillan, Bale Brigín, Contae Baile Átha Cliath | 13,589 | Níor tuairiscíodh an caiteachas agus na tiomantais roimhe seo ós rud é nár baineadh amach na critéir do thuairisciú (.i. costas iomlán tionscadail de €12,697,380 nó níos mó) go dtí 2015. Comhlíonadh na critéir i 2015 mar gheall ar fhaomhadh oibreacha breise. |
| 5. Pobal Scoil Teampall Carraige, Cill Mhantáin | 12,806 | Níor tuairiscíodh an caiteachas agus na tiomantais roimhe seo ós rud é nár baineadh amach na critéir do thuairisciú (.i. costas iomlán tionscadail de €12,697,380 nó níos mó) go dtí 2015. Comhlíonadh na critéir i 2015 mar gheall ar chur san áireamh costas táille de €0.5 milliún. |
| 6. Colaista Ghlór na Mara, Bale Brigín, Contae Baile Átha Cliath | 16,372 | Níor tuairiscíodh an caiteachas agus na tiomantais roimhe seo ós rud é nár baineadh amach na critéir do thuairisciú (.i. costas iomlán tionscadail de €12,697,380 nó níos mó) go dtí 2015. Comhlíonadh na critéir i 2015 nuair a eisíodh an litir ghlacachta i Mí na Samhna 2015. |
| 7. Scoil Eoin Naofa, Droichead Átha, Contae Lú | 14,279 | Níor tuairiscíodh an caiteachas agus na tiomantais roimhe seo ós rud é nár baineadh amach na critéir do thuairisciú (.i. costas iomlán tionscadail de €12,697,380 nó níos mó) go dtí 2015. Comhlíonadh na critéir i 2015 mar gheall ar chur san áireamh costas táille de €1.7 milliún. |
| 8. Pobal Scoil Le Chéile, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 | 16,282 | Níor tuairiscíodh an caiteachas agus na tiomantais roimhe seo ós rud é nár baineadh amach na critéir do thuairisciú (.i. costas iomlán tionscadail de €12,697,380 nó níos mó) go dtí 2015. Comhlíonadh na critéir i 2015 nuair a eisíodh an litir ghlacachta i Mí na Samhna 2015. |

**(c) Costais chaipitil ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2014 | Caiteachas 2015 | Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | Iomláin tionscadail 2015 | Iomláin tionscadail 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann CPP | 40,490 | 3,446 | 23,143 | 67,079 | 67,079 |
| 2. Dornán Cúig Threoirscoil | 40,598 | 3,443 | 53,186 | 97,227 | 97,227 |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí[a] | 23,809 | 2,490 | 54,617 | 80,916 | 80,916 |
| 4.An 1ú Bearta Scoileanna CPP[a] | 16,103 | 1,910 | 66,723 | 84,736 | 84,720 |
| 5. An 2ú Bearta Scoileanna CPP[a] | 18,839 | 3,137 | 88,587 | 110,563 | 110,518 |
| 6. An 3ú Bearta Scoileanna CPP[b] | 15,480 | 2,982 | 112,262 | 130,724 | 130,602 |
| 7. An 4ú Bearta Scoileanna CPP | — | — | 79,817 | 79,817 | 77,944 |
| **Iomlán** | **155,319** | **17,408** | **478,335** | **651,062** | **649,006** |

[a] Tar éis athbhreithnithe a cuireadh i gcrích ag GNFA, athshonraíodh na suimeanna caiteachais a tuairiscíodh i gCuntas Leithreasa 2014, ós rud é go raibh difir bheaga le sonrú mar gheall ar shlánú i dtaca le Scoil Cheoil Chorcaí chomh maith le hathrú sa tslí inar caitheadh le hárachais tógála sna cuntais chun comhsheasmhacht a chinntiú le múnla airgeadais an mhuirir aonair maidir le Bearta CPP 1 agus 2. Athdúradh costas iomlán an tionscadail maidir le Beart 1 chun nach gcuirfí san áireamh ach an oiread €12,000 nárbh fhéidir é a réiteach leis an múnla airgeadais.

[b] Athdhúradh caiteachas maidir le Beart 3, mar gheall ar i) athrú sa tslí a ndéileáltar leis an troscán agus an trealamh feistithe sna cuntais chun ailíniú leis an múnla airgeadais agus ii) ceartú beag maidir le ceist uainithe (.i. an t-uainiú maidir le cén uair a d'eascair an caiteachas caipitil faoi thrácht den chéad uair).

**Difríochtaí suntasacha**

Soláthraítear míniú thíos nuair a mhéadaigh tiomantais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2014 go dtí 2015.

| Tionscadal | Méadú iomlán costais i 2015<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| An 4ú Bearta Scoileanna CPP | 1,873 | Níorbh ann d'aon chaiteachas i 2015 ós rud é nár oscail an chéad scoil go dtí Mí Feabhra 2016. Athdhúradh caiteachas iomlán an tionscadail trí chur san áireamh íocaíochta cnapshuime do Bheart 4 chun fanacht comhsheasmhach leis an tslí inar déileáladh leis na costais chaipitil ar na bearta eile. |

***Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí***

Tá seacht chonradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).

Is ann do dhá thionscadal CPP tríú leibhéal – Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann, Corcaigh, agus Ceolscoil Chorcaí – chomh maith le cúig thionscadal scoile CPP, (cúig scoil phíolótacha agus Scoilbhearta 1, 2, 3 agus 4). Tá feidhm leis an seacht gconradh ar fad do chúig bliana is fiche. Leanfaidh na foirgnimh de bheith in úinéireacht an Stáit fad a bheidh feidhm ag an gconradh, agus tabharfar ceadúnas don chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus chun iad a chothabháil ar feadh tréimhse cúig bliana is fiche.

***Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann***

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004 agus ba é Oideachas Fócais Éireann an comhpháirtí ón earnáil phríobháideach. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibrithe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

***CPP Cúig Threoirscoil***

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Tionscadail Jarvis Ltd. i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

***Scoil Cheoil Chorcaí***

Ba i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief Developments UK Ltd. chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

***An Chéad Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann chun na ceithre iarbhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

***An Dara Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i gCill Mhantáin,Co. Chill Mhantáin, Baile Átha Buí, Co. na Mí, Chill Dara, Co. Chill Dara, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus Beanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

***An Tríú Dornán Scoileanna CPPb***

Ba i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP BAM PGGM Infrastructure Cooperatie U.A. chun seacht gcinn d'iarbhunscoileanna agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú, atá Ionnaithe i nGuaire, Co. Loch Garman, Trá Mhór, Co. Phort Láirge, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (bunscoil agus iar bhunscoil a roinnt ar an gcampas céanna), Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, Dún, Co. Luimnigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún nan Gall agus Béal an Átha Móir, Co. Liatroma. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

***An Ceathrú Dornán Scoileanna CPP***

Tá ceathair iarbhunscoil páirteach sa ceathrú Tionscadal Birt CPP. Tá siad suite sa Tulach, Co. an Chláir, An Sciobairín, Co. Chorcaí, Dún Dealgan, Co. Lú agus Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Síníodh an conradh do dhearadh, do thógáil, do mhaoiniú, d'fheidhmiú agus do chothabháil ceathair iarbhunscoil le CPP BAM i Mí na Nollag 2014. Tá na 4 scoil á dtógáil faoi láthair agus táthar ag súil leis go mbeidh siad críochnaithe agus réidh le seachadadh faoi dheireadh R2 2016

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig 2015 | **€000** | **€000** |
| Meastachán na ndliteanas aibithe nach raibh íoctha ag deireadh na bliana | 99 | 76 |

## 3 Caiteachas ar Chláir de réir an Fho-mhírchinn

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar vírimint sa bhliain 2015, amhail a rinneadh i mblianta eile. Lig an próiseas víriminte don Roinn fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile i Vóta 26. Tagraítear do Chodanna B.1.1.11 agus C.2 (6-13) de na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as vírimint i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais sa bhliain 2015 ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach.

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus sna Luathbhlianta** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 57,665 | 55,210 | 54,687 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 11,116 | 10,462 | 8,892 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) bunmhúinteoirí | | 2,170,851 | 2,150,935 | 2,036,340 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) meánmhúinteoirí, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna | | 1,106,440 | 1,098,989 | 1,099,355 |
| A.5 | Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le tuarastail múinteoirí gairmscoileanna | | 565,280 | 571,039 | 569,479 |
| A.6 | Tuarastail agus pá (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 406,678 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,000 | 412,678 | 413,093 | 374,922 |
| A.7 | Tuarastail agus pá (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) foirne neamh-mhúinteoireachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | | 100,305 | 102,546 | 100,149 |
| A.8 | Íocaíochtaí aoisliúntas maidir le foireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,056,438 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,000 | 1,086,438 | 1,083,573 | 1,059,361 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | 175,000 | 172,955 | 172,081 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna agus eagraíochtaí agus forais oideachais eile | | 413,179 | 417,719 | 409,103 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | 80,342 | 80,916 | 68,819 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | 25,100 | 22,803 | 23,404 |
| A.13 | Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | 14,105 | 13,806 | 55,142 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 37,591 | 26,619 | 23,729 |
| | | | 6,256,090 | 6,220,665 | 6,055,463 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €35.4 milliún an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár A ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

Tugtar míniú freisin maidir le Fotheideal A.6 agus Fotheideal A.8 a fuair forlíonach méadaithe.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) i leith Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | (6,415) | Méadaíodh an meastachán bunaidh €406,678,000 go dtí €412,678,000 le meastachán forlíontach €6 mhilliún.<br><br>Bhain an €6 mhilliún de leithdháileadh breise a bhí de dhíth ar an bhfotheideal seo go príomha leis na costais a bhain le méadú i líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta agus scálaí tuarastail a athbhreithníodh in 2011 a chur i bhfeidhm.<br><br>Tá an €413 milliún atá mar thoradh deiridh 0.1% níos mó ná an leithdháileadh deiridh |
| Íocaíochtaí aoisliúntais maidir le foireann teagaisc agus neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | (27,135) | Méadaíodh an meastachán bunaidh €1,056,438,000 go dtí €1,086,438,000 le meastachán forlíontach €30 milliún.<br><br>Theastaigh €26 milliún de mhaoiniú breise chun costas na gcnapshuimeanna agus na n-aiscí de thoradh ar thart ar 500 duine breise a bheith tar éis dul ar scor ná mar a bhíothas ag coinne leis i dtús báire ar feadh earnáil oideachais an chéad leibhéil agus an dara leibhéal.<br><br>Theastaigh maoiniú breise den ghlansuim de €4 milliún chun freastal a dhéanamh ar na costais bhreise a bhain le híocaíochtaí leanúnacha pinsin ar fud earnáil an chéad leibhéil agus an dara leibhéal – tar éis cur san áireamh laghdú de €3 milliún maidir le costais pinsinéirí IoT a tabhaíodh i bhFo-cheannteideal C10 i gCuspóir C.<br><br>Tá an toradh deiridh arb ionann agus €1.084 billiún é 0.3% níos lú ná an leithdháileadh deiridh. |
| Oideachas Múinteoirí | 2,297 | Tharla gur sábháladh €2.3 milliún ar oideachas múinteoirí go príomha de bhrí go raibh feidhmiú na dtionscnamh ilghnéitheach a bhain le hathchóiriú na Sraithe Sóisearaí, Curaclam Teanga na Bunscoile agus an Clár Iarchéime don Mhatamaitic níos moille ná mar a bhí measta, agus glacadh níos lú i seimineáir/scéimeanna tacaíochta sa tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 10,972 | Sábháladh €10.972 milliún mar thoradh ar roinnt athróg. Baineann €6 mhilliún den ghlanmhéid a sábháladh le dul chun cinn níos moille ná mar a bhí measta maidir le feidhmiú na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tharla gur sábháladh €2.6 milliún sa bhreis nuair a cuireadh siar gníomhaíochtaí áirithe TFC go dtí 2016. Tharla gur sábháladh €0.5 milliún mar níor tháinig an plean gníomhaíochta a bhaineann le plean eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin i bhfeidhm go dtí 2015. Tharla glansábháil ar scála níos lú i gcás líon beag de thionscadail agus de thionscnaimh eile. |

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **B** | **Forbairt Scileanna** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 3,749 | | 3,568 | 3,571 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 825 | | 773 | 630 |
| B.3 | Deontais do SOLAS maidir le riarachán, costais ghinearálta agus deontais agus tacaí oiliúna | | 23,588 | | 23,588 | 79,916 |
| B.4 | Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú | | 825 | | 480 | 521 |
| B.5 | Deontais do SOLAS maidir le gníomhartha breisoideachais agus oiliúna | | | | | |
| | *Bunaidh* | 280,155 | | | | |
| | *Forlíontach* | (11,000) | 269,155 | | 265,999 | 218,659 |
| B.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | | 5,794 | | 3,600 | 5,500 |
| B.7 | Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarbhaill FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliúna (AnCO) | | 32,026 | | 31,626 | 33,373 |
| B.8 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 25 | | 2 | 22 |
| | | | 335,987 | | 329,636 | 342,192 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €6.4 milliún an an caiteachas i ndáil leis an gClár B ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos ar fo-mhícheann inar bhí an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

Tá míniú curtha ar fáil chomh maith maidir le Fotheideal B.5 a fuair leithdháileadh forlíontach atá ag laghdú.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaíochtaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú | 345 | Tharla sábháil ar thacaíochtaí an Chiste Sóisialta na hEorpa mar gheall ar mhoill ar cheadú deiridh na gclár nua Oibríochta agus ceisteanna uainithe ar ghníomhaíocht thrasnáisiúnta cosúil leis an Líonra Foghlama ar Bhearta Luaineachta Trasnáisiúnta don Óige faoi Mhíbhuntáiste. |
| Deontais do SOLAS maidir le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna | 14,156 | Laghdaíodh an €280,155,000 a bhí mar mheastachán bunaidh le meastachán forlíontach €11 milliún go dtí €269,155,000.<br><br>Bhí oll-laghdú ar luach €14 milliún riachtanach ar an meastachán fo-cheannteidil seo mar gheall ar ghnóthú cistí i 2015 airgid neamhchaite ag BOO ar scéimeanna SDOG, Ógtheagmhála agus Lárionaid Oiliúna i 2013 agus i 2014. Cuireadh an gnóthú i gcrích trí na híocaíochtaí do na BOO a laghdú i 2015.<br><br>Frithháiríodh an t-oll-laghdú ag méadú de €3 mhilliún a bhí riachtanach chun freastal a dhéanamh ar chostas Bhónas na Nollag do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach a ndearnadh soláthar dó sa Cháinaisnéis.<br><br>Tá an €266 milliún atá mar thoradh deiridh 1% níos lú ná an leithdháileadh deiridh. |

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 2,194 | Sábháladh tuairim agus €1.4 milliún de bharr próiseas athstruchtúraithe inmheánach ar thug an ghníomhaireacht faoi in 2015 agus chuir moill ar chuid de ghníomhaíochtaí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Eireann. Sábháladh tuairim agus €0.7 milliún de bharr moille maidir le caiteachas TFC. Sábháladh €0.2 milliún breise de bhrí go raibh leibhéal níos airde acmhainní ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Eireann féin agus mar thoradh air sin go raibh an íostarraingt níos ísle ná mar a bhí measta |

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Ardoideachas** | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | 4,085 | 3,898 | 3,850 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 898 | 845 | 679 |
| C.3 | Deontas-i-gcabhair le haghaidh chostais ghinearálta an Údaráis um Ard-Oideachas | | 5,394 | 5,394 | 5,424 |
| C.4 | Deontais reatha ghinearálta d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile (deontas-i-gcabhair) | | 922,849 | 922,849 | 938,943 |
| C.5 | Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas | | 8,564 | 7,984 | 7,165 |
| C.6 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair) | | 10,471 | 10,471 | 10,582 |
| C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair) | | 6,136 | 6,136 | 6,201 |
| C.8 | Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (deontas-i-gcabhair) | | 2,955 | 2,955 | 2,988 |
| C.9 | Deontais d'fhorais tríú leibhéal áirithe | | 10,180 | 8,971 | 10,402 |
| C.10 | Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarfhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | | | |
| | *Bunaidh* | 75,814 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | 85,814 | 93,163 | 74,890 |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara | | | | |
| | *Bunaidh* | 331,752 | | | |
| | *Forlíontach* | 78,000 | 409,752 | 414,000 | 372,211 |
| C.12 | Gníomhartha taighde | | 37,600 | 37,600 | 37,600 |
| C.13 | Gníomhartha an AE, idirnáisiúnta agus thuaidh/theas | | 5,189 | 4,510 | 4,667 |
| C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | | 2,895 | 2,881 | 2,481 |
| C.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 200 | 169 | 314 |
| | | | 1,512,982 | 1,521,826 | 1,478,397 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €8.8 milliún níos mó ná an fhoráil deiridh. Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteidil nuair a bhí níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5% de dhifríocht idir an toradh agus an tsuim a bhí measta i dtús báire.

Chomh maith leis sin, tugtar míniú maidir le Fotheidil C.10 agus C.11 a fuair forlíonach atá ag méadú.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coláistí Oiliúna do bhunmhúinteoirí – gan iad siúd atá maoinithe tríd an Údarás um Ard-Oideachais a áireamh | 580 | Sábháladh tuairim agus €0.4 milliún de bhrí, go príomha, go raibh feidhmiú tionscnamh áirithe níos moille ná mar a bhí measta. Sábháladh tuairim agus €0.17 milliún breise mar thoradh ar íostarraingt níos lú i gcás Choláiste Oideachais Eaglais na hÉireann agus Institiúid Oideachais Marino. |
| Deontais chuig Institiúidí Tríú Leibhéal eile | 1,209 | Mar gheall ar luaineacht maidir le héileamh is deacair an caiteachas ar an bhFotheideal seo a réamh-mheas. Is iad na príomhchúiseanna a bhí le hairgead a shábháil ná corprú Choláiste na Sionainne le hOÉ Gaillimh. Chomh maith leis sin, maoiníodh líon níos lú mac léinn ná mar a bhíothas ag súil leis a cháiligh i gcomhair maoinithe maidir le táillí in aisce in Institiúidí nach Institiúidí de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas iad. |
| Aoisliúntas etc. iníoctha le hiarfhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | (17,349) | Méadaíodh an meastachán bunaidh €75,814,000 go dtí €85,814,000 le meastachán forlíontach €10 milliún.<br><br>Ag eascairt as méadú ar an meánchostas bliantúil pinsin, líon níos mó de phinsin IoT, agus aistriú costas pinsin ó fhotheideal pinsin BOO go dtí fotheideal pinsin IoT de bharr sonraí stairiúla pinsin a bheith athaicmithe, bhí an forlíonach seo riachtanach.<br><br>Tá an €93 milliún atá mar thoradh deiridh 9% (€7.3 milliún) níos mó ná an leithdháileadh deiridh.<br><br>Cé go raibh an an meánchostas bliantúil in aghaidh an phinsin a bhí iníoctha nuair a lorgaíodh an forlíonach beagnach cothrom le €22,190, ba é an staid ag deireadh na bliana go raibh an meánchostas bliantúil a bhí iníoctha in aghaidh an phinsin ardaithe go dtí suim a bhí beagnach cothrom le €23,785, agus mar thoradh air sin tháinig méadú ar an gcaiteachas foriomlán |
| Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara | (82,248) | Méadaíodh an €331,752,000 a bhí mar mheastachán bunaidh le meastachán forlíontach €78 milliún go dtí €409,752,000.<br><br>Tharla sé sin go príomha mar thoradh ar na hathruithe a tugadh isteach i gCáinaisnéis 2015, déimeagrafaic a bheith ag ardú agus éifeachtúlacht a baineadh amach le héifeachtúlacht maidir le deontais mac léinn a phróiseáil agus a íoc sa bhliain acadúil 2015/16.<br><br>Tá an €414 milliún atá mar thoradh deiridh 1% níos mó ná an leithdháileadh deiridh. |
| Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas | 679 | Sábháladh airgead go príomha i 2015, mar thoradh ar íostarraingt níos ísle ná mar a samhlaíodh nuair a socraíodh an meastachán, ar chomhchistiú ó Chomhaontas na Stát Aontaithe agus na hÉireann do chiste Scoláireachta George Mitchell. |

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Seirbhísí Caipitil** | | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | | 9,483 | 9,113 | 9,039 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,085 | 1,975 | 1,595 |
| D.3 | Tógáil, trealmhú agus feistiú bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 468,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 50,000 | 518,000 | 524,503 | 454,835 |
| D.4 | Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile | | 46,000 | 52,639 | 79,094 |
| D.5 | Costais na comhpháirtíochta príobháidí poiblí | | 67,650 | 66,355 | 79,467 |
| | | | 643,218 | 654,585 | 624,030 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €11.4 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár D ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha i dtaca le Fotheideal D.3 a fuair forlíonach atá ag méadú. Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteidil nuair a bhí níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5% de dhifríocht idir an toradh agus an tsuim a bhí measta i dtús báire.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh ó thús<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Trealamh tógála agus troscán bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | (56,503) | Méadaíodh an meastachán bunaidh €468,000,000 go dtí €518,000,000 le meastachán forlíontach €50 milliún.<br><br>Úsáideadh an leithdháileadh forlíontach chun maoiniú a chur ar fáil do thionscadail oibreacha samhraidh nach raibh réamh-mheasta i dtús báire faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh.<br><br>Bhí an €524 milliún a bhí mar thoradh deiridh 1% níos mó ná an leithdháileadh deiridh. |
| Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ardoideachais eile atá ainmnithe | (6,639) | Sa ráithe dheiridh de 2015, tháinig éilimh shuntasacha bhreise chun cinn maidir le tionscadail a sainaithníodh mar phríomhthionscadail caipitil i dtaca le bonneagar ag an tríú leibhéal. Mar sin féin, bhí an leithdháileadh Caipitil don bhliain geallta go hiomlán cheana féin. Ar an gcúis sin, fuarthas ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe €6.7 milliún de leithdháileadh Reatha na Roinne nár caitheadh a athleithdháileadh chuig tionscadail. |

# 4 Fáltais

**4.1 E Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 189,514 | | | |
| | | *Forlíontach* | (12,000) | 177,514 | 170,789 | 183,209 |
| E.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE | | | 27,720 | 27,379 | 23,465 |
| E.3 | Fáltais ó asbhaintí ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí | | | 345,196 | 341,735 | 341,183 |
| E.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | | 4,600 | 4,198 | 5,056 |
| E.5 | Ilghnéitheach | | | 6,122 | 4,715 | 6,015 |
| | | | | 561,152 | 548,816 | 558,928 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh. Chomh maith leis sin, tugtar míniú i dtaca le fotheideal E.1 a fuair forlíonach atá ag laghdú.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais | 18,725 | Rinneadh €12 mhilliún de laghdú go dtí €177,514,000 ar an €189,514,000 a bhí mar mheastachán bunaidh chun fáltais a bhailiú, tríd an bpróiseas meastachán forlíontach.<br><br>Tharla an meastachán forlíontach de €12 mhilliún de thairbhe ar ghannchion réamh-mheasta sna fáltais ranníocaíochta pinsin. Is ann don ghannchion seo go páirteach mar gheall ar ró-mheastachán na bhfáltas a íocadh trí asbhaint as tuarastal leanúnach do 2015 agus go páirteach ó leibhéal níos ísle íocaíochtaí aon uaire ó mhúinteoirí ar dhul ar scor dóibh. Déantar roinnt aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin do thuismitheoirí ón bhfo-cheannteideal seo freisin agus bhí an líon a rinneadh i 2015 níos airde ná mar a measadh.<br><br>Bhí 4% d'easnamh idir an leithdháileadh deiridh agus na fáltais a réadaíodh. |
| Iasachtaí/Ró-íocaíochtaí | 402 | Is deacair leibhéal na bhfáltas a thuar le cruinneas iomlán ó bhliain go bliain mar go bhféadfadh aisghabháil ró-íocaíochtaí a bheith ar bhonn aonuaire nó ar bhonn céimnithe agus a bheith ag trasnú bliain (dhá bhliain) airgeadais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh aisghabháil tuarastail i dtaca le hiasachtaí trasnú chuig an gcéad bhliain airgeadais eile. |
| Ilghnéitheach | 1,407 | Déanann an fotheideal seo freastal ar fháltais de chineál ad hoc agus tá sé deacair leibhéal na bhfáltas i rith na bliana a thuar. Tharla an t-easnamh go príomha i dtaca le laghdú ar tháillí chun an Ardteistiméireacht a athdhéanamh, fáltais maidir le Míbhuntáiste Oideachasúil (Cistiú Cuntas Díomhaoin) agus fáltais ilghnéitheacha eile. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 50 | — |
| Aisghabháil maoinithe neamhchaite a eisíocadh i mblianta roimhe sin don ÚAO. | 2,673 | 615 |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní ag FÁS/SOLAS | 1 | 115 |
| Fáiltais ó Ionnaíochtaí dlíthiúla | 2 | 80 |
| Fáiltais ó airgead coinsiasa | 8 | 3 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (2,734) | (763) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig[a] | — | 50 |

[a] Le linn 2015, d'eascair €2,672,618 d'fháltais bhreise an Státchiste a tugadh don Roinn Airgeadais ó aisghabháil iarmhéideanna farasbairr ón HEA. D'eascair €52,500 ón íocaíocht deiridh de shocrú a chomhaontaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le tionscadal DAWN Equal – fuarthas €50,000 de ag deireadh na bliana 2014. Chomh maith leis sin, d'eascair €797 as díol sócmhainní ó SOLAS agus €6,000 i bhfáltais ilghnéitheacha.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Is leis an Roinn agus lena cuid comhlachtaí gaolmhara Stáit a bhaineann an fhaisnéis seo a leanas ó thaobh líon agus pá na bhfostaithe.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 98,354 | 95,989 |

Ní áirítear leis an líon foirne a thuairiscítear ach na poist chroíláir a mhaoinítear ar an tríú leibhéal, mar ní áirítear ach na poist seo le comhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

**5.(a) Líon foirne agus páchostais ghaolmhara ar íocadh amach cistí ó Vóta 26 ina leith**

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2015 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| **Chéad leibhéil** | A.3 | Múinteorí bunscolie | 34,700 | 2,150,935 |
| | A.6.1 | Cúntóirí Riachtanas Speisialta | 9,579 | 336,221 |
| | A.7.1 | Foireann neamhtheagasc | 285 | 11,589 |
| **Dara leibhéal** | A.4 | Múinteorí meánscoile | 17,599 | 1,098,989 |
| | A.5 | Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna | 10,006 | 571,039 |
| | A.6 (2–3) | Cúntóirí Riachtanas Speisialta | 2,360 | 76,872 |
| | A.7 (2–4) | Foireann neamhtheagasc | 2,271 | 90,957 |
| **Fo-iomlán an chéad agus an dara leibhéil** | | | **76,800** | **4,336,602** |

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2015 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| **Tríú leibhéal** | C.3 | FSS | 54 | 3,516 |
| | C.4 | Ollscoileanna/Institiúidí Teicneolaíochta/ Acadamh Ríoga na hÉireann | 17,090 | 652,201 |
| | C.5 | Coláistí Oiliúna Múinteoirí | 28 | 1,925 |
| | C.6 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath | 122 | 9,283 |
| | C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | 51 | 3,616 |
| | C.11 | Riarachán ar dheontas mac léinn | 81 | 3,202 |
| | C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 13 | 1,605 |
| **An tríú leibhéal – fo-iomlán** | | | **17,439** | **675,348** |
| **Foireann na Roinne** | X.1 | Riarachán | 1,012 | 56,436 |
| | X.8 | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 194 | 15,353 |
| **Fo-iomlán na Roinne** | | | **1,206** | **71,789** |

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2015 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 |
| **Foireann eile** | A.11.4 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 150 | 9,815 |
| | B.3.1 | SOLAS riarachán | 198 | 10,530 |
| | A.11.1 | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 31 | 2,462 |
| | A.11.5 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 100 | 6,436 |
| | A.13.1 | An Bord um Shásamh | 8 | 902 |
| | C.8 | Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann | 56 | 2,828 |
| | A.13.2 | An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | 2 | 344 |
| | B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 70 | 1,312 |
| | A.10.1.3 | Modhscoileanna | 8 | 139 |
| | B.5. | Breisoideachas – SOLAS (Boird Oideachais agus Oiliúna) | 2,187 | 100,207 |
| **Eile - fo-iomlán** | | | **2,810** | **134,975** |
| **Iomlán** | | | **98,255** | **5,218,714** |

Tugann an tábla thuas breac-chuntas ar shonraí maidir le luach saothair i leith teagaisc agus neamhtheagaisc agus comhlachtaí a maoiníodh ó Vóta 26 le linn 2015 chomh maith lena líon coibhéise lánaimseartha (CL) gaolmhar amhail an 31 Nollaig 2015. Íoctar 99 ball foirne nótáilte ó fhotheidil gan aon ainmníocht pá ar leith.

Maidir leis na fortheidil B.6 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, C.8 Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann, C.3 (FSS) agus C.7 Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, baineann cuid bheag den phá le costais pinsin chomh maith.

**5.(b) Pá as an Státchiste**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 51,140 | 50,625 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 244 | 290 |
| Liúntais eile | 13 | 44 |
| Ragobair | 604 | 509 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,435 | 4,552 |
| **Pá iomlán** | **56,436** | **56,020** |

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach leis an bhfoireann a íoctar as an bhfo-mhírcheann riaracháin X.1 – Tuarastail, pá agus liúntais.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 102 | 2 | 20,339 | 19,585 |
| Liúntais eile | 26 | 1 | 25,209 | 6,108 |
| Ragobair | 254 | 8 | 21,386 | 18,765 |
| An líon daoine a fuair luach saothair sa bhreis i mbreis agus earnáil amháin | 7 | — | 5,129 | 5,129 |

Baineann sonraí na liúntas agus na n-íocaíochtaí ragoibre sa chlár seo leis an bhfoireann sin amháin a íoctar as fo-cheannteidil X.1 agus X.8 an bhuiséid riaracháin i 2015 (2014: X.1 agus X.8).

**5.2 Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht agus Pá Bunaithe ar Thuillteanas**

Fuair ochtar ball foirne, a raibh íocaíochtaí seirbhíse speisialta á bhfáil acu faoi chomhaontú athstruchtúrúcháin 1% an Chláir um Iomaíochas agus Obair le Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí, €16,594 go hiomlán sa bhliain 2015. Níor íocadh aon phá bunaithe ar thuillteanas i rith na bliana 2015.

**5.3 Státseirbhísigh Athfhruilithe**

Rinneadh 29 státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhuiliú i rith na bliana 2015 ar chostas iomlán €142,752 lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €21,451. De réir comhairle ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), chuir an Roinn rátaí i bhfeidhm de réir mar a cheadaítear ag RCPA agus tá sí sásta go gcuirtear na táillí ar ceal ar bhealach iomchuí.

**5.4 Íocaíochtaí Téarfa/Iomarcaíochta**

Le linn 2015, íocadh €2,281,664 i suimeanna iomarcaíochta le foireann teagaisc agus neamhtheagaisc (a chuimsíonn 255 ball foirne neamhtheagaisc agus beirt mhúinteoirí bunscoile) – lena n-áirítear íocaíocht i leith suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla. Bhí breis agus €10,000 i gceist i gcás 84 íocaíocht iomarcaíochta. Ba é €42,458 an tsuim ba mhó de réir luacha a íocadh in 2015. Íocadh na baill foirne a fuair iomarcaíocht trí phárollaí na Roinne, mar go bhfuil feidhm aici mar phámháistir do scoileanna áirithe.

**5.5 Ró-íocaíochtaí**

**(a) Foireann riaracháin ró-íocaíochtaí tuarastal**

Ba é luach na ranníocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €394,000 (262 cás) (2014: €113,000 (84 cás)). Astu seo, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag 213 acu.

**(b) Ró-íocaíochtaí pinsean forlíontach**

Ba é luach na ranníocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €2.6 milliún (320 cás) (2014: €2.8 milliún 320 cás). Astu seo, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag 99 acu, sin nó tá láníocaíocht déanta acu.

Chuir Rannóg Aoisliúntais na Roinne athbhreithniú i gcrích ar phinsinéirí thar aois 65 a bhí ag fáil pinsean forlíontach. Tar éis an athbhreithnithe fuarthas amach nach raibh 320 pinsinéir incháilithe leis an bpinsean forlíontach seo a fháil a thuilleadh ós rud é go raibh siad ag fáil pinsean stáit chomh maith ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí luach iomlán de €2.8 milliún ag baint leis na ró-íocaíochtaí pinsin do na 320 pinsinéir seo ar fho-cheannteideal A(8) ag Nollaig 2013 agus ag Nollaig 2014. Cuireadh tús le haisghabháil na ró-íocaíochtaí i Mí Iúil 2015 tar éis caidrimh mhionsonraithe thar 18 mí idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca leis na himpleachtaí cánach do phinsinéirí aon réimis aisíocaíochta i dtaca le haisíocaíochtaí a rinneadh a bhí lasmuigh de theorainn ama 4 bliana na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá aisghabháil an €2.6 milliún a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2015 ag leanúint ar aghaidh.

**(c) Ró-íocaíochtaí múinteora/neamh-mhúinteora agus pearsanra ar scor**

Ba é luach na ranníocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €3.8 milliún (3,905 cás) (2014: €3.3 milliún 3,835 cás). Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm do gach ró-íocaíocht ar ann di ag deireadh 2015.

Bhí luach de €3.8 milliún ag baint leis na ró-íocaíochtaí i dtaca le múinteoirí, foireann neamhtheagaisc agus pearsanra ar scor (gan na ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin a chur san áireamh a ndearnadh tagairt dóibh thuas) i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha ag 31 Nollaig 2015 le hais ró-íocaíochtaí de €3.3 milliún ag 31 Nollaig 2014. Gníomhaíonn an Roinn mar phámháistir ar son údaráis bhainistiúla bhreis is 3,700 scoil, agus bíonn sí ag brath, mar sin de, ar na húdaráis scoile go gcuirfidís na sonraí a theastaíonn faoina mbráid do cheapachán/íocaíocht agus stad íocaíochtaí foirne ar bhonn tráthúil. Is féidir go dtarlóidh ró-íocaíochtaí freisin mura leithdháiltear dóthain ama do chur i bhfeidhm socruithe nua Buiséid agus comhaontuithe nua caidrimh thionsclaíoch, faoi mar a tharla le blianta beaga anuas.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim do théacsleabhair ar cíos (fo-mhírcheann A.10) | — | 4,996 |
| Gníomhartha cultúir (fo-mhírcheann C.15) | — | 132 |
| | — | 5,128 |

Tá liosta d'fhaighteoirí an chistithe a bhaineann le 2014 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.education.ie)

In 2014, tháinig síolchistiú don Scéim um Leabhair ar Cíos ó dhíol cheadúnas an Chrannchuir Náisiúnta agus ní raibh sé mar chuid de ghnáthshruth cistithe an Chrannchuir Náisiúnta. Ina theannta sin, níor maoiníodh gníomhaíochtaí cultúrtha a thuilleadh ó Fhotheideal C.15 in 2015.

**6.2 Maoiniú ón AE**

**6.2.1 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) in 2015**

Áiríodh fáltais ESF (in E2.1) ar luach €27,066,971 (€18,946,879 Pá agus €8,120,091 Neamhphá) a fuarthas in 2015 agus a thaispeántar mar Leithreasaí i gCabhair sa chaiteachas taifeadta ó na fhotheidil seo a leanas de chuid Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna: - B3, B4, B5, C4 & C11.

**6.2.2 Fáltais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF) in 2015**

Cé go bhfuil roinnt clár á gcómhaoiniú ag an EGF níor taispeánadh aon fháltais mar leithreasaí i gcabhair le linn 2015. Tagann caiteachas ar thacaíochtaí do chláir EGF chun cinn ar fhotheidil B.3, B4.1, B.5, C.4, C.11. Féach nóta 6.2.7 le tuilleadh sonraí a fháil maidir le scéimeanna CECD.

**6.2.3 Poist á maoiniú ag an AE sa Tionscadal um Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas tráth)**

Tá dhá phost sa Tionscadal um Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, poist atá á bpáirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Baineadh úsáid as an maoiniú seo ar an Tionscadal um Idirlíon Níos Sábháilte agus ar an Tionscadal Líonra um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí.

Is é €58,809 an cistiú iomlán do 2015 agus is Cistiú ón AE 50% de sin agus tá 50% á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**6.2.4 Tionscadal um Idirlíon níos Sábháilte Éire 4**

Cuireadh tús leis an tionscadal seo in mí Eanáir 2015 agus cuireann sé leis an Tionscadal um Idirlíon níos Sábháilte roimhe sin. Is é atá mar chuspóir leis ná cur le bonneagar seirbhíse idirlín níos sábháilte. Faightear 50% den mhaoiniú don tionscadal seo tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an AE agus déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an fuílleach a mhaoiniú.

Is é €130,436 an cistiú iomlán do 2015 agus baineann €90,436 de sin le cistiú de chuid an AE agus tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna €40,000 mar chistiú.

**6.2.5 Ríomhphunanna**

Faoin nglaoch ar thograí *Seomraí Ranga Cruthaitheacha* de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, bhí an tAonad Polasaí TFC sa Roinn mar pháirtí tosaigh i gcuibhreannas idirnáisiúnta maidir le forbairt a dhéanamh ar thogra tionscadail atá dírithe ar úsáid oibríochtúil ríomhphunann i seomraí ranga in Éirinn. Ghlac an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta,an tSeirbhís um Fhorbairt do Mhúinteoirí (Teicneolaíocht san Oideachas) agus Foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí, in éineacht le páirtithe tionsclaíochta páirt sa tionscadal seo - toghadh 26 scoil le bheith páirteach sa chéim phíolótach den tionscadal.

Is é €919,615 costas iomlán an tionscadail ó 2013 go dtí 2015 agus baineann €689,711 de sin le cistiú an AE agus cuireann 14 pháirtí sa tionscadal €229,904 ar fáil mar chistiú.

Cuireann an Eoraip 75% de chostas faofa an tionscadail ar fáil agus cuireann na páirtithe féin an fuílleach den chistiú ar fáil. Tá €84,435 faighte ag an Roinn go dtí seo as a bheith rannpháirteach sa chlár. Tá €26,793 dlite fós go dtí go mbeidh costas formheasta an tionscadail tugtha chun críche.

**6.2.6 Cistiú Díreach ón AE in 2015**

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón Aontas Eorpach chuig na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith na bliana 2015:

| Fo-mhírcheann Tuairisc | Tuairisc | Maoiniú 2015 | Maoiniú 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| A.11.4 | An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | 142 | 171 |
| B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 721 | — |
| | | 863 | 171 |

***An Chomhairle Náisiúnta um Threoir san Oideachas***

Fuair an Chomhairle Náisiúnta um Threoir san Oideachas cistiú maidir lena cuid gníomhaíochtaí i dtaca le tionscadail EUROguidance, Líonra Eorpach um Beartas Treorach, Scoileanna Eorpacha agus PLOTEUS in 2015.

B'ionann agus €141,713 san iomlán an cistiú sin in 2015.

**Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann**

Fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maoiniú ón Aontas Eorpach i dtaca leis an Europass agus i dtaca le gníomhartha an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí sa bhliain 2015, chomh maith leis an rúnaíocht i gcomhair an Chreata Thagartha Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta a chur ar fáil. B'ionann an maoiniú seo agus €721,361 i rith na bliana 2015.

**6.2.7 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú**

Gníomhaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna mar Údarás Bainistíochta na hÉireann don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) in Éirinn.

Is clár maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh CECD a chabhraíonn le ballstáit de chuid an AE le pacáiste pearsantaithe uasoiliúna, athoiliúna agus tacaí fiontair a sholáthar do na hoibreoirí sin a dhéantar iomarcach de thoradh ar mhórathruithe struchtúrtha i bpatrúin dhomhanda trádála mar gheall ar dhomhandú nó mar gheall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta.

Cuirtear iarratais ar chó-mhaoiniú AE faoi CECD faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh faofa ar dtús. Tar éis an fhaofa thosaigh ní mór go ndéanfaí an t-iarratas a fhaomhadh ina dhiaidh sin ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle Airí an AE araon.

I dtaca le cláir fhaofa na mbeart arna gcur isteach ag Ballstáit, baineann na huasrátaí seo a leanas um chómhaoiniú an AE le hábhar san ord ama

- Iarratais a cuireadh isteach idir Bealtaine 2009 agus Nollaig 2011 – 65%
- Iarratais a cuireadh isteach idir Eanáir 2012 agus Nollaig 2013 – 50%
- Iarratais le cur isteach idir Eanáir 2014 agus Nollaig 2020 – 60%.

Is é an cómhaoiniú náisiúnta a ghlanann iarmhéid chostais na gclár.

Is de chineál ilbhliantúil iad cláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Faoi Alt 16(4) de Rialachán (AE) Uimhir 1309/2013, maireann an tréimhse fhorfheidhmithe a bhíonn ag clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú 24 mhí, tréimhse dar tús an dáta a gcuireann an Ballstát iarratas isteach. Lena chois sin, féadfar bearta a thosaigh sular cuireadh an t-iarratas isteach ach tar éis do na hiomarcaíochtaí a bheith fógartha i gcoitinne a chur san áireamh. Faoin Rialachán, ní mór do Bhallstát tuarascáil deiridh agus ráiteas caiteachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar dháta nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh an chláir; ansin beidh tréimhse chlabhsúir sé-mhí eile ag an gCoimisiún chun an clár a scrúdú roimh dó é a fhoirceannadh go foirmiúil, agus ar an gcaoi sin is féidir tréimhse chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a fhadú go 36 mhí ar a laghad.

Is mar gheall ar struchtúr ilbhliantúil an Chiste, éilimh chaiteachais a bheith curtha isteach ag soláthraithe náisiúnta seirbhíse ar bhonn eatramhach, ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil agus gan an chionroinnt ar chaiteachas iomlán an AE agus ar an gcaiteachas náisiúnta iomlán a bheith tugtha chun críche go dtí clabhsúr iomlán na gclár, a bhíonn sé deacair caiteachas bliantúil ar chláir a réiteach i gcomhréir leis an tuairisciú forordaithe ar na cuntais náisiúnta. Beidh na sonraí iomlána de chaiteachas na gclár ar fáil, áfach, nuair a bheidh gach clár ar leith foirceanta.

***Cláir CECD na hÉireann***

Rinneadh deich n-iarratas ar son na hÉireann le haghaidh có-mhaoiniú CECD suas go deireadh 2015.

Tá seacht gclár (Dell, Waterford Crystal, S.R. Technics, NACE 41(Tógáil Foirgneamh), NACE 43 (‘Sainghníomhaíochtaí Tógála’) NACE 71 (‘Seirbhísí Ailtireachta’) agus cláir EGF Talk Talk) curtha i gcrích agus tá an Coimisiún Eorpach tar éis deireadh a chur leo go foirmiúil. Ag deireadh na bliana 2015, tá aisíocaíochtaí €25 milliún san iomlán déanta leis an gCoimisiún Eorpach i dtaca le cómhaoiniú EGF nár úsáideadh. Rinne an Coimisiún Eorpach nó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh ar Chláir EGF DELL, Waterford Crystal, SR Technics and NACE 43, agus ní dhearna ceachtar den dá chomhlacht aon chinneadh substaintiúil i gcoinne na hÉireann. Aisíocadh €21,080 mar shuim leis an gCoimisiún Eorpach i mí an Mheithimh 2015 ag eascairt as Iniúchadh an Choimisiúin ar chlár EGF NACE 43 in 2014.

Cuireadh an t-ochtú iarratas cláir CECD isteach i Mí na Bealtaine 2014 ag tacú le 171 oibrí a rinneadh iomarcach ag monarcha déantúsaíochta seodra Andersen Éire i Ráth Caola, Co. Luimnigh go déanach i 2013. Bhí an t-iarratas ag lorg tacaíochta freisin do suas le 138 duine óg áitiúla faoi bhun 25 bliana nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (daoine NEET) faoi fhoráil nua roghnach de Rialachán (AE) Uimh 1309/2013, a rialaíonn babhta maoinithe 2014 – 2020. Seo an chéad iarratas Éireannach a cuireadh isteach faoi Alt 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 a dhéanann soláthar do mhaolú ón ngnáth-íostairseach cáilitheachta de ar a laghad 500 iomarcaíocht i ndálaí eisceachtúla. Fuair an clár an ceadú deiridh ó na hinstitiúidí ábhartha de chuid an AE i mí na Samhna 2014 agus fuarthas ranníocaíocht chómhaoinithe an AE in Éirinn ag deireadh mhí na Nollag 2014. Tiocfaidh deireadh leis an gclár sin i mí na Bealtaine 2016.

Cuireadh an naoú hiarratas faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Mí Mheán Fómhair 2014 ag lorg tacaíocht chó-mhaoinithe CECD do 424 oibrí a rinneadh iomarcach idir Mí na Nollag 2013 agus Mí Mheithimh 2014 ag áis chothabháil, dheisiú agus ollchóiriú aerárthach Lufthansa Technik Airmotive Ireland i Ráth Cúil, Co. Átha Cliath. Bhí an t-iarratas seo ag lorg tacaíochta do suas le 200 duine NEET freisin. Fuair an clár faomhadh deiridh ó institiúidí ábhartha ar fad an AE i Mí Aibreáin 2015, agus fuarthas ranníocaíocht chó-mhaoinithe an AE ag Éirinn go luath i Mí na Bealtaine 2015. Tiocfaidh deireadh leis an gclár i mí Mheán Fómhair 2016

Cuireadh an deichiú hiarratas agus an ceann is déanaí i dtaca le 108 oibrí atá faoi thionchar iomarcaíochta ag áis Deisithe agus Ollchóirithe PWA Cothabháil Aerárthach Idirnáisiúntai Ráth Cúil, Contae Bhaile Átha Cliath, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí an Mheithimh 2015. Cheadaigh na hinstitiúidí ábhartha de chuid an AE go cuí an t-iarratas EGF i mí na Nollag 2015, a rinneadh arís faoi mhaolú Airteagal 4 (2) agus fuair Éire ranníocaíocht chómhaoinithe an AE i mí Eanáir 2016. Tiocfaidh deireadh leis an gclár sin i mí an Mheithimh 2017.

| Clár | Ráta an chó-mhaoinithe AE | Leithdháileadh Cláir | Caiteachas Cláir | Fáltais ón AE | Có-mhaoiniú AE nár úsáideadh a aisíocadh don Choimisiún Eorpach |
|---|---|---|---|---|---|
| | % | €000 | €000 | €000 | €000 |
| DELL | 65% | 22,817 | 13,620 | 14,831 | 5,978 |
| Waterford Crystal | 65% | 3,955 | 3,090 | 2,571 | 563 |
| SR Technics | 65% | 11,455 | 4,504 | 7,446 | 4,518 |
| NACE 41[a] | 65% | 19,523 | 12,616 | 12,690 | 4,488 |
| NACE 43 | 65% | 33,329 | 20,249 | 21,664 | 8,502 |
| NACE 71[a] | 65% | 2,135 | 1,809 | 1,388 | 211 |
| Talk Talk | 50% | 5,393 | 3,794 | 2,696 | 799 |
| Anderson Ireland | 60% | 2,502 | — | 1,501 | — |
| Lufththansa Technik Airmotive Ireland | 60% | 4,151 | — | 2,491 | — |
| PWA Cothabháil Aerárthach Idirnáisiúnta | 60% | 737 | — | — | — |
| **Iomlán** | | **105,997** | **59,682** | **67,278** | **25,059** |

[a] Aisíocadh caiteachas €4,575 faoi chláir NACE 41 agus 71 leis an Roinn ag deireadh na bliana 2015, agus tá an 65% de sin atá mar sciar cómhaoinithe an AE agus arb ionann é agus €2,973 dlite don Choimisiún Eorpach.

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo do chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ó:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, fo-mhírchinn B.3 – tacaí agus liúntais oiliúna, cúnamh teicniúil, B.4.1 – tacaí fiontraíochta, B.5 – tacaí agus liúntais oideachais an dara leibhéal, C.4 – tacaí oideachais an tríú leibhéal, C.11 – deontais chothabhála do mhic léinn
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (treorú, tacaí agus liúntais oideachais agus oiliúna agus cúnamh teicniúil)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí – Vóta 38 – Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta.

***Gníomhaíocht EGF in 2015***

Soláthraíodh bearta treorach, oiliúna, oideachais agus fiontraíochta do thairbhithe faoi na trí chlár reatha leanúnacha in 2015. Go dtí seo, cuireadh an caiteachas ar fáil ó fhoinsí cistithe náisiúnta agus déanfar é a chómhaoiniú go cuí le 60% ó fháltais an AE faoi réir an chaiteachais incháilithe EGF deiridh a bheith ríofa agus tuarascálacha deiridh agus ráitis a bheith curtha isteach chun an caiteachas a dhlisteanú don Choimisiún Eorpach.

Tá an tuarascáil deiridh do Chlár EGF Andersen Ireland le teacht amach i mí na Samhna 2016 agus tá siad siúd do chláir EGF Lufthansa Technik Airmotive Ireland agus PWA International le teacht amach i mí an Mhárta 2017 agus i mí na Nollag 2017 faoi seach.

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin – Caiteachas Státchiste**

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2015 | Caiteachas i 2015 | Caiteachas i 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 79,936 | 1,290 | 7,168 |
| Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe[a,b] | 2002 | 1,203,730 | 12,370 | 47,844 |
| Fiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh[c] | 2006 | 341 | — | 7 |
| **Iomlán[4]** | | 1,284,007 | 13,660 | 55,019 |

[a] De bhreis ar chaiteachas an Státchiste ar Scéim Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha fuarthas deonacháin €42.3 milliún ó na cuallachtaí reiligiúnacha faoi Chomhaontú Slánaíochta 2002 a caitheadh ar an scéim. San iomlán is é €1.246 billiún a caitheadh ar an Scéim Sásaimh agus ar an dlíthíocht a ghabhann léi, faoi chomhaontú slánaíochta 2002. Caitheadh €1.236 billiún de seo ar Scéim Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha agus caitheadh €10 milliún de bhun Chomhaontú Slánaíochta 2002.

[b] Áirítear san €1.2 billiún de chostas a bhain le Scéim Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha ag deireadh na bliana 2015 €9.2 milliún de chaiteachas a rinne Coiste Athbhreithnithe na nInstitiúidí Cónaitheacha.

[c] Nótáil an Roinn i gcuntais Vóta 26 na bliana 2012 go raibh an obair ar Fhiosrúchán Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh críochnaithe. Mar sin féin, d'eascair costais iarmharacha €7,000 in 2014 i leith táillí dlí a bhain leis an bhFiosrúchán. Tá an obair ar an bhFiosrúchán sin críochnaithe anois.

**6.4 Dámhachtainí Dlí**

| | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **An líon cásanna** | **Costais Dlí a deonaíodh** | **Cúiteamh a deonaíodh** | **Iomlán:** | **Iomlán:** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe ar an Vóta** | — | — | — | — | — |
| **Éilimh ón bpobal** | | | | | |
| Éilimh maidir le damáiste do réadmhaoin | 2 | — | 50 | 50 | 239 |
| Éilimh ghortaithe | 14 | 251 | 90 | 341 | — |
| | | **251** | **140** | **391** | **239** |

Sainaithníonn an tábla thuas costais dlí agus táillí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léiríonn sé costais dlí a bhain le comhlachtaí eile a fhaigheann tacaíocht ó fhotheidil vótáilte.

I dteannta na gcostas dlí agus an chúitimh a deonaíodh agus atá ar an liosta thuas, thabhaigh an Roinn costais dlí €2.6 milliún (2014: €8.1 milliún) in 2015 a bhain le reáchtáil na Roinne ó lá go lá.

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

**Sásamh**

Déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh na bliana 2015 ná €79.94 milliún. Meastar gur féidir go n-eascróidh costais bhreise €1.5 milliún chun íoc as costais eile an Choimisiúin agus chun aghaidh a thabhairt ar aon mhoill gan choinne i dtaca le díscaoileadh an Choimisiúin.

Ba é luach an chaiteachais a bhain leis an Scéim Chúitimh go deireadh 2015 ná €1.246 billiún. Meastar gur féidir go n-eascróidh costais bhreise de thart ar €2 mhilliún. Cuimsíonn an meastachán seo soláthar do dhlíthíocht agus déanann sé freastal ar aon mhoill gan choinne maidir le lánscor an Bhoird Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe.

**6.6 Díscríobhanna**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|
| Orduithe iníoctha briste i ndálaí mírialta | 8 | 3 |
| Ró-íocaíocht deontas teagasc | 12 | — |
| | **20** | **3** |

**6.7 Calaoisí/Neamhrialtachtaí Amhrasta**

| | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|
| Calaois | — | 24 |
| Neamhrialtacht Amhrasta | 40 | — |
| Míleithreasú cistí amhrasta | 4 | — |
| | 44 | 24 |

Maidir le 2015, cuireadh an Roinn ar an eolas faoi naoi deich nua a bhain le calaois/mírialtachtaí amhrasta agus tá na cásanna sin á bhfiosrú go foill.

Leanfaidh an Roinn de gach iarracht réasúnach a dhéanamh cistí an Státchiste a aisghabháil áit ar tharla calaois nó mírialtachtaí. I gcúinsí ina bhfuil aisghabháil éilithe, tarlóidh sé sin le haisíocaíocht dhíreach nó sin trí shuimeanna comhaontaithe a choinneáil siar as deontais chúntacha.

Baineann na caillteanais arb ionann iad agus €40,000 le dhá chás inar úsáid scoileanna cistí chun críocha seachas iad siúd a raibh siad ceaptha dóibh.

Baineann na caillteanais arb ionann iad agus €4,000 le hidirbhearta mionairgid agus cárta creidmheasa a bhí mírialta in eagraíocht a gcuireann an Roinn cistiú ar fáil di.

Mar gheall ar íogaireachtaí ama a bhain leis an tuairisceán bliantúil, ní raibh dóthain eolais ar fáil chun na cúig eachtra eile a chatagóiriú mar chalaoisí mar go bhfuil fiosruithe ag leanúint ar aghaidh chun a fháil amach an bhfuil calaois/mírialtacht i gceist sna cásanna nó an mbaineann siad le hearráid dhaonna. Tagann na cásanna atá á bhfiosrú chun cinn go príomha i dtaca le heisiúint deontas, an líon rollaithe i scoil nó i dtaca le cistiú an Státchiste a chaitheamh go míchuí.

Tá na figiúirí a luaitear do 2015 bunaithe ar na tuairisceáin a cuireadh faoi bhráid an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhthéacs chuntas leithreasa 2015 agus d'fhéadfadh figiúirí eile teacht ina n-ionad de réir mar a chuirtear eolas nua faoi bhráid na Roinne.

**6.8 Ús Íocaíochta Déanaí**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a dhlitear | €4,400 | €27,000 |
| Líon na faighteoirí €10,000 nó níos mó | — | 1 |

D'eascair an t-ús agus an cúiteamh glan i leith íocaíocht phras a íocadh in 2015 as íocaíochtaí le 37 soláthraí

**6.9 Sásamh i leith Foras Cónaithe**

***Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta***

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí Cuntas Speisialta arna mhaoiniú as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an Chuntais Speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gCuntas Speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Cuntas Infheistíochta an Chiste Reachtúil i leith Foras Cónaithe arna bunú ag Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta***

In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige feidhm a bhaint as €110 milliún de na ranníocaíochtaí a thairg na cuallachtaí reiligiúnacha chun ciste reachtúil a bhunú agus a oibriú d'fhonn tacú le riachtanais mharthanóirí na drochúsáide leanaí sna forais chónaithe. Fad a bheadh bunú an chiste reachtúil ar feitheamh, osclaíodh cuntas ústhorthach speisialta, faoi chomhsmacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, sa Bhanc Ceannais chun na ranníocaíochtaí airgid a ghlacadh ó na cuallachtaí reiligiúnacha.

Tar éis thosach feidhme an Achta um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe 2012 agus tar éis do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe a bhunú, aistríodh iarmhéid €41,327,221 chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, móide suim bhreise úis fhabhraithe arbh éard a bhí inti go hiomlán in 2013, de réir ailt 29(1) d'Acht 2012. Bhí an cuntas Bainc Ainmnithe lárnach dúnta ina dhiadh sin i 2013.

In 2013, 2014 agus 2015, fuarthas deonacháin airgid arb ionann iad agus €33,441,828, €5,543,039 agus €4,606,081, faoi seach, ó chuallachtaí agus rinneadh iad a lóisteáil chuig cuntas infheistíochta RISF. Amhail an 31 Nollaig 2015, b'ionann agus €84,918,169 na lóisteálacha iomlána chuig cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Forálann Acht 2012 go bhféadfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a íoc leis an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe (a úsáideann an t-ainm Caranua), arb éard a bheidh iontu ná suimeanna a bheidh iarrtha chun íoc as caiteachas a thabhóidh sé ó thaobh a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Forálann Acht 2012 freisin go n-íocfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a bheidh iarrtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun íocaíochtaí a dhéanamh le hoifigeach neamhspleách na n-achomharc arna cheapadh faoi alt 21 d'Acht 2012. Tá cuntais an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**6.10 Caiteachas ar Chóiríocht Shealadach Scoile**

Chuimsigh an caiteachas i rith na bliana 2015, faoi fho-mhírcheann D.3.3 suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €18 milliún go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha (2014: €16.4 milliún).

**6.11 Tabhairt Anonn Buiséid**

Níor bhain Vóta 26 leas as tabhairt anonn buiséid ón mbliain 2015 sa bhliain 2016.

**6.12 Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim**

Le hiniúchadh a chríochnú a rinne na Coimisinéirí Ioncaim, rinne an Roinn, i Mí Mhárta 2015, íocaíocht socraíochta do na Coimisinéirí de €1,359,358. Eascraíonn an tsocraíocht, a chlúdaíonn an tréimhse 2010 go 2013, as dliteanais a bhaineann le feidhm do ÍMAT/ÁSPC agus MSU i dtaca le híocaíochtaí áirithe a rinne an Roinn d'Oidí Baile, i dtaca le híocaíochtaí do bhaill Bhord agus Coistí a bhaineann le cúrsaí oideachais agus do líon beag íocaíochtaí do dhaoine aonair. Cuireadh socruithe nua i bhfeidhm anois ag an Roinn le comhlíonadh cánach a chinntiú i dtaca leis na híocaíochtaí seo.